Cúnant na Méaraí
don Aeráid agus
d'Fhuinneamh
EORAIP

"Is gá tionscadail aistrithe fuinnimh a nascadh le pobail áitiúla an athuair"

Agallamh le Zoran Kordić, duine de bhunaitheoirí comharchumainn fuinnimh sa Chróit Zelena energetska zadruga (ZEZ).

Dar leat, cé na dúshláin is mó atá le sárú ag gníomhaithe áitiúla agus tionscadail aistrithe fuinnimh á gcur i bhfeidhm acu?

Tá ceangal láidir i gcónaí idir earnáil an fhuinnimh agus breoslaí iontaise, rud a fhágann nach mbíonn sé éasca ar ghníomhaithe fuinnimh ghlain teacht chun cinn. Is mór an náire é nach bhfuil spriocanna náisiúnta aeráide agus fuinnimh ailínithe leis na cuspóirí atá leagtha amach i gComhaontú Pháras, ná leis na moltaí sna tuarascálacha ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide. Is gá tacaíocht níos mó freisin, mar aon le creat cumasúcháin le haghaidh tionscadail fuinnimh phobail. Ina theannta sin, is gá tionscadail aistrithe fuinnimh a nascadh le pobail áitiúla an athuair.

Maidir le hobair as lámha a chéile le comharchumann, cén chaoi a gcabhraíonn sé sin le dul i ngleic leis na dúshláin sin?

Feidhmíonn comharchumainn mar ardáin lenar féidir infheisteoirí a nascadh le tionscadail aistrithe fuinnimh. Cabhraíonn siad le hathrú ar iompar saoránach a bhaint amach, agus bíonn ról acu san fhorbairt beartas trí mholtaí ón mbun aníos a chur ar fáil.

Bhí Križevci, cathair a shínigh an chúnant, chun tosaigh sa chéad tionscadal slua-mhaoinithe ar son an fhuinnimh in-athnuaite sa Chróit. Cén chaoi ar thacaigh Comharchumann an Fhuinnimh Ghlais (ZEZ) leis an gcathair sa tionscadal sin?

A bhuíochas le EU-funded Horizon 2020 Compile, bhí sé ar chumas ZEZ tús a chur le suiteáil grianphainéal ar dhíonta foirgneamh poiblí. Cabhraíonn sé sin le ceann de spriocanna ar chlár an rialtais áitiúil a bhaint amach: a dhóthain fuinnimh a tháirgeadh in Križevci faoi 2030.

Go ginearálta, cén chaoi a gcuirfeá síos ar do thaithí féin ar thionscadail aistrithe fuinnimh a stiúradh le húdaráis áitiúla sa Chróit?

Taithí dhearfach den chuid is mó atá againn ar a bheith ag obair leis na húdaráis áitiúla! Aithníonn formhór na gcathracha torthaí dearfacha na dtionscadal sin, agus is mó spéis a léiríonn siad sa bhearna idir saoránaigh agus tionscadail fuinnimh a laghdú ná mar a léirítear ar leibhéil eile rialtais.

Cén fháilte a cuireadh roimh rannpháirtíocht na saoránach in Križevci? Ar léirigh páirtithe leasmhara eile spéis i scéimeanna maoinithe nuálacha den sórt sin?

Ba mhó i bhfad an spéis a léirigh saoránaigh san infheistíocht ná mar a rabhthas ag súil leis. Maoiníodh an feachtas is déanaí linn ina iomláine laistigh de 48 uair an chloig, agus d'éirigh linn 5 oiread an mhaoinithe a bhailiú ná mar a bhí ag teastáil uainn. Léirigh saoránaigh go raibh spéis mhór acu infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail aistrithe fuinnimh.

© *image Inia Herenčić*